Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

Comhairleoir Gnó Cúnta
Oifig Fiontair Áitiúil

Eolas d'Iarratasóirí

Feabhra, 2023

1. An Post

Tá an Chomhairle ar lorg iarratas ó iarrthóirí a bhfuil na cáilíochtaí cuí agus taithí ábhartha acu faoi choinne post mar Comhairleoir Gnó Cúnta (ar nós le ról Oifigeach Foirne)

Is é Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ) Dhún na nGall an chéad stad do ghnó beag ar bith atá le bunú nó le forbairt ar fud na tíre. Is é an fhís atá ag an OFÁ éiceachóras fiontair dearfach a fhorbairt agus a choinneáil ag leibhéal áitiúil ar fud na tíre, a spreagfaidh gnólachtaí nuathionscanta breisluacha, a éascóidh forbairt níos mó ar mhicreaghnóthaí agus ar ghnólachtaí beaga agus a fheabhsóidh geilleagair áitiúla.

Is ball foirne ríthábhachtach é post an Chomhairleora Ghnó Cúnta taobh istigh den OFÁ agus spreagann sé forbairt agus soláthar réimse chomhtháite de bhearta agus de Chláir leis an fhiontraíocht a chur chun cinn agus cur le líon na ngnólachtaí nuathionscanta, gnólachtaí agus micreaghnóthaí atá ann a fhorbairt trí réimse tacaíochtaí dírithe ar chuidiú le gnólachtaí beaga le bheith nuálach, glacadh le hathrú digiteach agus cleachtais neamhdhíobhálacha don chomhshaoil a roghnú, bheith ina n-easpórtálaithe den chéad uair agus cuspóirí forbartha uailmhianacha a bhaint amach.

Is ról ríthábhachtach é seo ina mbeidh gá leis an iarrthóir rathúil bheith ag obair go díreach lena phríomhchliaint OFÁ le próisis bhainistithe gnó a fheabhsú, nuálaíochta a thabahirt isteach a rachaidh i bhfeidhm ar thorthaí, feidhmíocht a fheabhsú agus cuidiú le gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí beaga ar fud an Chontae le fostaíochta fhorbairt agus a chruthú.

Moltar painéal d'iarrthóirí cáilithe a bhunú óna líonfar folúntais le linn shaolré an phainéil.

2. Dualgais / Ról agus Freagrachtaí

Comhlíonfaidh an Comhairleoir Gnó Cúnta OFÁ dualgais a leagfaí ó am go chéile a mbeidh baint acu le héascú, cur i bhfeidhm agus cur chun cinn beartas agus cuspóirí Chomhairle Contae Dhún na nGall ar son dul chun cinn na Oifige Fiontair Áitiúil agus go háirithe na haidhmeanna agus cuspóirí mar a leagtar amach i bPlean Forbartha Fiontair Áitiúil 2021-2024 agus i bPlean Forbartha Fiontair Straitéiseach Dhún na nGall 2030.

Tuairisceoidh an Comhairleoir Gnó Cúnta chuig Ceannaire na Oifige Fiontair Áitiúil, nó chuig oifigeach ar bith eile a cheapann an Príomhfheidhmeannach.

I measc na ndualgas seo beidh:

- Soláthar comhairle gnó duine le duine agus treoir do dhuine ar bith atá ag smaoineamh ar ghnólacht a chur ar bun nó do ghnólacht ar bith atá ann i nDún na Gall cheana. Beidh cur i láthair míosúil ar na tacaíochtaí atá ar fáil ón Oifig Fiontair Gnó san áireamh.

- Caidreamh a bhunú le gnólachtaí áitiúla go réamhghníomhach, go háirithe cliaint faoi réimse na Oifige Fiontair Áitiúil, agus comhairle á tabhairt, a gcuid pleananna agus straitéisí a luacháil , bearta a mholadh agus a bheith rannpháirteach i gcruinnithe athbhreithnithe rialta.

- Iarratais ar dheontais a luacháil agus a phróiseáil. San áireamh beidh cruinnithe le cliaint, luacháil a dhéanamh ar a n-iarratais, breithiúnais scríofa a ullmhú, achomhairc a chur i láthair don Choiste luachála, agus maoirseacht a dhéanamh ar phróiseas tarraingt anuas deontas do thionscadail faofa agus é a bhainistiú agus athbhreithniú ar dhul chun cinn cliant.

- Cláir oiliúna agus forbartha bainistíochta a fhorbairt agus cuidiú lena soláthar mar freagairt ar riachtanais atá ar ghnólachtaí beaga ar a n-áirítear sonraíochtaí clár a ullmhú, tairiscintí/meastacháin a phróiseáil, earcaíocht agus bunú caidrimh le cliaint, taifead na dtorthaí agus dtairgí in soláthartha a chinntiú agus na buiséid leithdháilte a bhainistiú.

- Cuidiú le forbairt agus soláthar clár do chohóirt ar leith e.g. bia, tionscail chruthaitheachta, fiontraíocht ban, fiontraíocht óige.

- Cuidiú le soláthar Clár Meantóireachta na hOifige Fiontair Áitiúil – dul i gcomhairle le cliaint, a riachtanais a mheas, dul i gcomhairle le meantóirí, an painéal meantóirí a bhainistiú, an buiséad a bhainistiú agus taifead iomlán ar thorthaí agus ar tháirgí insoláthartha a bhainistiú.

- Soláthar an Chláir Fiontair do Scoileanna Dara Leibhéal a bhainistiú ar bhonn bliantúil, taifead ar na torthaí agus ar na tairgí uile san áireamh.

- Cur le hábhar agus soláthar imeachtaí amhail Seachtain Fiontraíochta Áitiúla, Na Gradaim Ghnó agus imeachtaí píolótacha eile, idir inmheánach agus seachtrach don Oifig Fiontair Áitiúil.

- Cuidiú le soláthar clár náisiúnta agus tacaíochtaí amhail Clár Fiontraíochta na Mac Léinn, Dearbháin Trádála Ar Líne, LEAN for Micro, Green for Micro agus Digital Start.

- Cuidiú le tionscnaíochtaí nua a dearadh le tacú le micreaghnóthais feidhmíocht agus iomaíochas a mhéadú ar a n-áirítear cláir amhail Athrú Digiteach agus Glas a chuideoidh le hacmhainneacht a fhorbairt.

- Dul i gcomhairle le gnólachtaí punainne atá ag forbairt, tacú leo barr a gcumas a bhaint amach agus roghnú réimse iomlán na dtacaíochtaí OFÁ a uasmhéadú le sciar den mhargadh a mhéadú.

- Tionscnaíochtaí a fhorbairt agus a shainaithint a chuideoidh le cliaint OFÁ lena ngníomhaíochtaí easpórtála agus obair i gcomhpháirt lena chinntiú go mbeidh treoir ag cliaint agus go mbeidh rochtain acu ar an tacaíocht is cuí de réir a gcéim easpórtála.

- Cliaint OFÁ a spreagadh agus tacú leo infheistíocht a dhéanamh in T&F agus le tús a chur le próiseas T,F&N a thabhairt isteach ina ngníomhaíochtaí tráchtála.

- Cuidiú le soláthar tacaíocht feidhmiúcháin do chur i bhfeidhm an Phlean Forbartha 10 mBliana um Fiontair Straitéiseach do Dhún na nGall agus soláthar Phlean Forbartha Fiontraíochta Áitiúil an OFÁ.

- Cur le feachtas feasachta leanúnach na hOifige Fiontair Áitiúil agus obair i gcomhar le gníomhaire soláthair ainmnithe ar bith leis an chuspóir seo a bhaint amach.

- Cuidiú le forbairt, acmhainní a chur ar fáil agus soláthar tionscnaíochtaí nua taobh istigh d'Oifig Fiontair Áitiúil mar thacaíocht don fhiontraíocht agus forbairt gheilleagrach i nDún na nGall.

- Bheith rannpháirteach i gcláir thrasteorainn agus i gcláir AE mar a bhíonn riachtanach ag an Cheannaire Fiontraíochta.

- Nuálaíocht agus feabhsú leanúnach maidir le próisis agus cláir na hOifige Fiontair Áitiúil a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm.

- Cur le soláthar tionscnaíochtaí nua taobh istigh den Líonra Fiontar Áitiúil agus bheith rannpháirteach ar choistí náisiúnta.

- Tuairimí Oifig Gníomhaireacht Áitiúil Dhún na nGall a chur in iúl ar chruinnithe le páirtithe leasmhara go réigiúnach agus go náisiúnta.

- Dualgais eile mar a leagfadh Ceannaire na hOifige Fiontair Áitiúil amach le cuspóirí na hoifige a chur chun cinn.

Tuairisciú

- A chinntiú go gcloítear le gach riachtanas tuairiscithe maidir le hairgeadas, bainistiú agus rialachas an Údaráis Áitiúil agus na hOifige Fiontair Áitiúil.
- Na sonraí cuí a bhailiú, a choimeád agus a uasdátú.

Príomhinniúlachtaí

Táthar ag súil go léireoidh iarrthóirí go leor fianaise ar gach inniúlacht ar an fhoirm iarratais.

Bainistíocht agus Athrú	
Cumas Straitéiseach	• Léiríonn sé/sí an cumas le smaoineamh go straitéiseach. • Léiríonn sé/sí an cumas le bheith éifeachtúil maidir le haistriú an mhisin agus físe ina bpleananna oibríochtúla agus torthaí.
Líonrú agus Ionadaíocht a Dhéanamh	• Léiríonn sé/sí an cumas le caidrimh dhearfacha thairbheacha le luchtanna leasa ábhartha a fhorbairt agus a choinneáil. • Léiríonn sé/sí an cumas le caidreamh dearfach a bhunú le gnólachtaí. • Léiríonn sé/sí an cumas le híomhá agus proifíl dhearfach den Údarás Áitiúil agus den Oifig Fiontair Áitiúil go háirithe a chothú.
Torthaí a Sholáthar	
Fadhbréiteach agus Déanamh Cinntí	• Léiríonn sé/sí an cumas le gníomhú go deimhneach agus cinntí tráthúla, feasacha éifeachtúla a dhéanamh. • Léiríonn sé/sí an cumas le bheith ag obair mar bhall foirne le fadhbanna a réiteach.
Pleanáil Oibríochtúil	• Léiríonn sé/sí an cumas le cur le pleananna oibríochtúla agus pleananna foirne a fhorbairt de réir tosaíochtaí agus bearta ina réimse oibríochta, agus aird á tabhairt ar chuspóirí corparáideacha, cuspóirí oibríochtúla agus acmhainní at ar fáil. • Léiríonn sé/sí an cumas le hardchaighdeán seirbhíse agus cúram custaiméirí a bhunú. • Léiríonn sé/sí an cumas le seirbhísí a sholáthar ar dhóigh thráthúil éifeachtach.
Cumarsáid Éifeachtach a Dhéanamh	• Léiríonn sé/sí an cumas le cumarsáid éifeachtach a dhéanamh. • Léiríonn sé/sí scileanna labhartha agus scríofa éifeachtacha. • Léiríonn sé/sí scileanna idirphearsanta maithe.

Éifeachtacht Phearsanta	
Spreagadh Pearsanta, Tionscnaíocht agus Éacht	• Tá sé/sí díograiseach faoin ról agus spreagtha nuair a bhíonn deacrachtaí agus constaicí os a c(h)mohair. • Déanann sé/sí níos mó ná an méid a bhfuil gá leis nó a bhfuiltear súil leis, agus /í ag súil le cúrsaí agus ag gníomhú le teacht roimh fhadhbanna. • Cruthaíonn sé/sí deiseanna nua.
Acmhainneacht agus Folláine Phearsanta	• Léiríonn sé/sí féinmhuinín dhearfach chuí. • Oibríonn sé/sí go héifeachtach i dtimpeallacht ina mbíonn castacht agus luas suntasach.
Eolas agus Tuiscint ar ról an Oifig Fiontair Áitiúil agus riachtanais fiontar beag	
Eolas & Tuiscint ar an Ról	• Léiríonn sé/sí tuiscint ar ról na hOifige Fiontair Áitiúil i gcomhthéacs soláthar seirbhísí níos leithne an údaráis áitiúil. • Léiríonn sé/sí tuiscint ar dhúshláin agus ar riachtanais fiontar beag agus micreaghnóthas. • Léiríonn sé/sí eolas agus tuiscint ar na beartais, struchtúir agus tacaíochtaí atá ann d'fhiontair bheaga agus do mhicreaghnóthais.

3. Cáilíochtaí & Riachtanais an Phoist

Tá sé dearbhaithe ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta go mbeidh na cáilíochtaí do phost an Comhairleoir Gnó Cúnta mar atá leagtha amach thíos:

(a) Carachtar:
Beidh dea-charachtar ag na hIarratasóirí.

(b) Sláinte
Beidh sláinte ag iarratasóirí a thabharfadh le fios go bhfuil siad ábalta seirbhís rialta, éifeachtach a chur ar fáil. Iarrfar ar na daoine a cheapfar dul faoi scrúdú leighis arna dhéanamh ag Dochtúir Sláinte Cheirde na Comhairle roimh a gceapachán.

(C) Oideachas, Taithí

Ar an dáta is deireanaí faoinar gá foirmeacha iarratais comhlánaithe a bheith istigh, ní mór d'iarrthóirí:

(i) (a) Grád D (nó pas) ar a laghad a bheith bainte amach acu, ag Ardleibhéal nó ag Gnáthleibhéal i gcuig ábhair (nó ceithre ábhair ma tá Gaeilge) sna hábhair i Scrúdú Bunaithe na hArdteistiméireachta nó i nGairmchlár na hArdteistiméireachta de chuid na Roinne Oideachais lena n-áirítear Gaeilge agus/nó Béarla agus ceann amháin díobh seo a leanas: Matamaitic, Cuntasaíocht, Eagraíocht Ghnó nó Eacnamaíocht

AGUS

(b) Grád C (nó Onóracha) ar a laghad a bheith bainte amach acu i bpáipéir ardleibhéil (nó onóracha) i dtrí ábhar sa scrúdú sin (nó dhá ábhar má tá Gaeilge agus/nó ceann amháin díobh seo a leanas san áireamh: Matamaitic, Cuntasaíocht, Eagraíocht Ghnó nó Eacnamaíocht)

NÓ

(ii) caighdeán inchomórtais a bheith faighte acu i scrúdú coibhéiseach

NÓ

(iii) cáilíocht triú leibhéal a bheith ina seilbh acu ar chaighdeán céime ar a Laghad

(d) Ceanglais inmhianaithe:

Tá sé inmhianaithe go léireodh iarrthóirí na tréithe seo a leanas:

- Ardscileanna agus taithí eagrúcháin agus bainistiú tionscadail agus cumas cruthaithe le réimse tionscadal agus tosaíochtaí atá san iomaíocht ag am chéanna le a bhainistiú le sprioc-amanna dochta a bhaint amach.
- An cumas le dul i bhfeidhm ar, obair i gcomhpháirt le agus nascadh le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha chun leas na gcliant.
- Scileanna i dtuiscint airgeadais le tabhairt faoi luacháil agus measúnú tograí tionscadail le haghaidh cúnamh airgid agus tacaíochtaí eile, dícheall cuí a dhéanamh ar iarratais mhaoinithe san áireamh.
- Sárscileanna cumarsáide agus scríobh tuairiscí gnó le fianaise léirithe ar ardthuiscint ar TF (scileanna in MS Office Outlook, Word, Excel agus PowerPoint san áireamh).
- Ardchumas taighde, scileanna anailíseacha, scileanna scríofa agus cur i láthair
- Eolas agus tuiscint ar phríomhearnálacha forbairt ghnó agus ar chatagóirí cliant ina n-oibríonn na OFÁnna agus an cumas leis an eolas agus tuiscint sin a úsáid le

tacaíochtaí agus tionscnaíochtaí a fhorbairt le torthaí gnó éifeachtacha a bhaint amach.
- Tuiscint ar riachtanais chomhlíonta agus rialachais de réir mar a bhaineann siad le maoiniú trís an OFÁ.
- Tuiscint ar bheith ag obair leis an earnáil ghnó nó san earnáil ghnó agus tuiscint mhaith ar na ceisteanna, dúshláin agus deiseanna a bhaineann leis an earnáil.

4. Mionsonraí an Phoist

(a) Ginearálta
Tá sé beartaithe ag Comhairle Contae Dhún na nGall painéal d'iarrthóirí cáilithe a chruthú don phost mar Oifigeach Gníomhaireacht Fuinnimh as a líonfar folúntais le linn shaolré an phainéil.

(b) Promhadh
Beidh na hiarratasóirí a cheapfar ar promhadh ar feadh tréimhse thosaigh, a shocróidh an Chomhairle. D'fhéadfadh sé go ndéanfaí an tréimhse seo a shíneadh, faoi rogha na Comhairle.

(c) Luach Saothair
Is ionann an páscála náisiúnta bliantúil reatha agus: íosmhéid de €46,411 (pointe 1) go dtí uasmhéid de €55,609. (LSI 2) (de réir ciorclán EL 05/2022).

Íocfar na daoine a cheapfar ag an phointe chuí ar an scála tuarastail ar aon dul le Ciorclán bainteach na Roinne.

Tosóidh iontrálaithe úra ag an íosphointe ar an scála.

(d) Bunáit
Beidh post an Chomhairleora Cúnta Gnó lonnaithe san Oifig Fiontair Áitiúil. Faoi láthair, tá an Oifig Fiontair Áitiúil suite san Enterprise Fund Business Centre, Leitir Ceanainn.

D'fhéadfadh sé go mbeidh obair taobh amuigh de ghnáthuaireanta oibre i gceist agus roinnt taistil agus fanacht thar oíche agus clúdófar na costais bhainteacha le liúntais iomchuí.

(e) Cónaí
Beidh na daoine a cheapfar ina gcónaí sa cheantar ina mbeidh na dualgais le feidhmiú nó faoi fhad réasúnta de.

(f) Uaireanta Oibre
35 uair an chlog sa tseachtain na gnáthuaireanta oibre a bheidh ag an té a cheapfar. Coinníonn an Chomhairle an ceart na huaireanta oibre a athrú ó am go chéile.

D'fhéadfadh roinnt oibre taobh amuigh de ghnáthuaireanta gnó a bheith i gceist le ról an Innealtóra Feidhmiúcháin ó am go chéile.

(g) Riachtanas Tiomána

Beidh ar Iarratasóirí:

a. Ceadúnas Tiomána chatagóir B iomlán a bheith acu.
b. A bhfeithicil féin a bheith acu lena úsáid le linn a gcuid dualgas agus is le liúntais chuí a chlúdófar na costais bhainteacha.

5. Próiseas Earcaíochta

A. Foirm Iarratais

- Caithfear iarratais a chur isteach ar an fhoirm iarratais oifigiúil agus caithfear gach cuid den fhoirm a chomhlánú.
- Ná cuir CV isteach le d'iarratas. Ní bhreithneofar ach faisnéis ar an fhoirm iarratais, nuair a bheidh oiriúnacht iarratasóra maidir leis an phost á meas.

- Caithfear iarratais a chur isteach mar iatán r-phoist amháin i bhformáid Word nó PDF chuig vacancies@donegalcoco.ie

- Caithfidh iarratais a bheith faighte againn faoin spriocdháta a shainítear ar an fhoirm.

- Ní dhéanfar aon iarratais atá mall, atá imithe ar strae nó a mbeidh moill leo, a mheas ach amháin más féidir fianaise oifigiúil a chur ar fáil a léiríonn gur seoladh an t-iarratas laistigh den achar ama.

B. Gearrliostú
Is féidir iarratasóirí a ghearrliostú faoi choinne agallaimh ar bhonn an eolais a chuirtear ar fáil. Sa chás go mbeidh gá le beart gearrliostaithe, tionólfar Painéal saineolaithe leis na foirmeacha iarratais a scrúdú agus a mheas de réir critéir réamhshocraithe, bunaithe ar riachtanais an phoist. Mar sin de, bheadh sé le do leas cuntas mion, beacht a thabhairt ar do cháilíochtaí agus do thaithí ar an fhoirm iarratais.

Má mheastar, mar gheall ar líon agus caighdeán na n-iarratas a gheofar, gur réasúnach gan gach iarratasóir a chur faoi agallamh, ní ghlaofar chun agallaimh ach daoine ar dócha go ngnóthódh siad caighdeán ar leor é chun iad a roghnú agus a mholadh faoi choinne ceapacháin.

Ná glactar leis gurb ionann duine a iontráil i gcomórtas nó cuireadh chun agallaimh a chur ar an duine sin agus a thabhairt le tuiscint go mbeadh Comhairle Contae Dhún na nGall sásta go gcomhlíonann an duine sin riachtanais an phoist.

C. Ceart ar Fhaisnéis agus Athbhreithniú

Tá an Chomhairle tiomanta d'aiseolas agus faisnéis a thabhairt d'iarratasóirí. Iarratasóir ar bith ar mian leo, féadann sé/sí a iarraidh go n-athbhreithneofar an cinneadh nó an próiseas. Caithfear a leithéid d'iarratas a chur isteach i scríbhinn, ag cur in iúl na cúise atá leis an iarratas agus caithfear é seo a chur faoi bhráid na Rannóige Acmhainní Daonna, Ionad na dTrí Abhainn, Leifear, Co. Dhún na nGall faoi cheann cúig lá ó dháta fógartha cinneadh ábhartha.

D. Rúndacht

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014, is faoi rúndacht dhocht a phléifear le hiarratais.

E. Eile

Tá ceapacháin na Comhairle faoi réir seiceálacha sásúla maidir le teistiméireachtaí, cáilíochtaí, scrúduithe leighis agus Grinnscrúdú Garda, mar is infheidhme.

F. Cúis Dícháilithe í an Chanbhasáil

Dícháileofar ón phost láithreach iarratasóir ar bith a dhéanann iarracht (nó a ndéanann duine iarracht ar a s[h]on) oifigeach de chuid na Comhairle (nó duine a ainmníonn sí le hagallamh a chur ar iarratasóirí nó iad a scrúdú) a chanbhasáil nó tionchar a imirt air/uirthi ar son an iarratasóra, go díreach nó go hindíreach, bíodh sé i bhfoirm cumarsáid scríofa nó eile.

G. An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí

Tá Comhairle Contae Dhún na nGall meáite ar do chuid sonraí pearsanta a chosaint agus comhlíonaimid ár gcuid oibleagáidí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 – 2018, agus faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

- An Bunús ar a bPróiseáiltear do chuid Sonraí Pearsanta

Is é an bunús ar a bpróiseáiltear do chuid sonraí pearsanta ná d'fhonn d'iarratas ar an phost dár chuir tú isteach air le Comhairle Contae Dhún na nGall a phróiseáil faoi

Théarmaí Acht Fostaíochta (Faisnéis) 1994 agus polasaithe agus gnáthaimh na Rannóige Acmhainní Daonna.

Nuair a fhaighimid d'fhoirm iarratais, cruthaímid taifead ríomhaire faoi d'ainm, ina mbíonn
go leor de na sonraí pearsanta a chuir tú ar fáil ar d'fhoirm iarratais.
Ní úsáidtear an taifead pearsanta seo ach amháin chun d'iarratas a phróiseáil. Tá tú i dteideal, in am ar bith, cóip den fhaisnéis faoi dtaobh díot féin, atá á coinneáil ar taifead againn, a fháil.

- Comhroinnt na Faisnéise

Taobh amuigh den fhoireann earcaíochta iomchuí, ní dhéanfar na sonraí ar d'fhoirm iarratais
a chomhroinnt ach d'fhonn an comórtas ar chuir tú isteach air a chur chun cinn in éineacht le
Bord gearrliostaithe agus/nó agallaimh ainmnithe.
Más amhlaidh, i ndiaidh an chomórtais, go gcuirtear ar Phainéal thú agus go dtairgtear post duit, beidh na sonraí a chuir tú ar fáil i d'fhoirm iarratais mar chuid den Chomhad Pearsanra s'agat.

De bhreis air sin, sa chás go dtairgfí post duit agus go ndearbhófá ina dhiaidh sin gur spéis leat
an post, bainfear úsáid as na sonraí ar d'fhoirm iarratais d'fhonn taifid seirbhíse agus teistiméireacht fostaíochta a iarraidh.

- Tréimhse Stórála

Coinneofar d'iarratas go ceann dhá bhliain ó dháta bunaithe an phainéil don phost seo. Déanfar iarratais nach gcuirfear ar aghaidh chuig céim an agallaimh a scriosadh i ndiaidh an
chomórtais.
Tá teacht ar Ráiteas Príobháideachta Chomhairle Contae Dhún na nGall ag:
www.donegalcoco.ie